2025/638

28.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/638 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Márta 2025

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)1939)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

Téacs atá ábhartha maidir le LEE

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2025/525 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos ann bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin mar fhreagairt ar ráig a deimhníodh in Bihor. Go sonrach, déantar foráil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an Rómáin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, tar éis na ráige.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525 ón gCoimisiún an 14 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin, a foilsíodh inniu, an 17 Márta 2025, in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IO L, 2025/525, 17.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/525/oj).

(5) Tar éis Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525 a ghlacadh, sholáthair an Rómáin faisnéis nuashonraithe don Choimisiún maidir le dáta an mharaithe agus maidir le tabhairt chun críche réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú na ráige i gcontae Bihor.

(6) Chun leathadh an ghalair a rialú, agus chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá na limistéir inar cheart crios srianta le haghaidh ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhunú sa Rómáin a shainaithint go tapa ar leibhéal an Aontais, ar crios é sin a chuimseodh na criosanna cosanta agus faireachais, mar aon le crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(7) Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá ardriosca ann go leathfaidh plá na n-athchogantach beag, laistigh den Rómáin agus chuig an gcuid eile den Aontas, go háirithe ós rud é, de réir na faisnéise a chuir an Rómáin ar fáil, go bhfuil an galar sin ag tarlú arís i limistéar nár buaileadh riamh roimhe seo, níos mó ná 5 mhí ón ráig dheireanach a tuairiscíodh sa Rómáin agus níos mó ná 2 mhí ó cuireadh deireadh leis na bearta sriantacha uile i ndáil leis an ngalar sin sa Bhallstát sin, agus is beag faisnéis atá ann faoi thionscnamh na ráige agus faoin leathadh a d'fhéadfadh a bheith ann idir na ráigeanna, rud a thugann le fios go bhféadfadh sé go bhfuil an galar scaipthe cheana féin i roinnt limistéar sa Rómáin, gan bhrath agus gan aon bheart sriantach a bheith i bhfeidhm chun a leathadh a chosc nó a mhoilliú.

(8) Tá méid na gcriosanna cosanta agus faireachais agus na gcriosanna srianta breise, mar aon le fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin mar a leagtar amach sa Chinneadh seo, bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus an staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán sa Rómáin mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin. Cuirtear caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh.

(9) Mar gheall ar dhéine agus ar phráinn na staide agus chun leathadh an ghalair a theorannú ar bhealach éifeachtach, is gá a áirithiú nach dtarlóidh gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise chuig cinn scríbe lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta breise, agus is gá eisiamh a chur i bhfeidhm maidir le haon mhaolú ar an toirmeasc sin ar ghluaiseachtaí den chineál sin de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar feadh tréimhse áirithe ama.

(10) Ina theannta sin, i bhfianaise na héiginnteachta agus na heaspa faisnéise maidir leis an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, agus i gcás ina bhfuil ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag tar éis tarlú arís gan choinne, níos mó ná 4 mhí ó díothaíodh ón Rómáin é, is gá toirmeasc a chur ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó chríoch iomlán na Rómáine chuig Ballstáit eile ar feadh tréimhse áirithe ama.

(11) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, is gá freisin na limistéir i gcríoch na Rómáine a shainaithint inar cheart feidhm a bheith ag bearta breise amhail na bearta is infheidhme maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus na háiteanna inar cheart gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair lasmuigh d'imlíne sheachtrach na limistéar sin a thoirmeasc, ar feadh tréimhse áirithe ama, tar éis dhul in éag na ndátaí le haghaidh na mbeart a bhfuil feidhm acu sna criosanna cosanta agus faireachais uile.

(12) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag agus an ghá atá le cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ó na bunaíochtaí atá buailte leis sa Rómáin go codanna eile den Bhallstáit sin nó go Ballstáit eile, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(13) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525 a ionadú.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunóidh an Rómáin láithreach, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, crios srianta, ina mbeidh criosanna cosanta agus faireachais araon, mar aon le crios srianta breise, agus a chumhdaíonn na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn I ar a laghad.

Ina theannta sin, áiritheoidh an Rómáin na nithe seo a leanas

(a) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise a liostaítear in Iarscríbhinn I, go gcuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin; agus

(b) go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise a liostaítear in Iarscríbhinn I chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta breise mar a leagtar amach i bPointe B d'Iarscríbhinn I go dtí na dátaí a liostaítear le haghaidh gach creasa san Iarscríbhinn sin; agus

(c) go mbeidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó chríoch iomlán na Rómáine chuig ceann scríbe atá suite i mBallstát eile go dtí an 9 Meitheamh 2025.

Airteagal 2

Cuirfidh an Rómáin na bearta is infheidhme i bhfeidhm maidir le criosanna srianta breise, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, sna limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus i gcomhréir leis na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Maidir le gluaiseachtaí ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach ó na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach na limistéar sin, tá toirmeasc ar ghluaiseachtaí den chineál sin go dtí na dátaí a liostaítear le haghaidh gach limistéir san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Leis seo, aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/525.

Airteagal 4

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe

Tír	Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
An Rómáin	**Contae Bihor** RO-PPR-2025-00001	Protection zone: The communes of Cefa, Gepiu, Husasău de Tinca, Mădăras, Nojorid and Sânnicolau Român.	1.4.2025
		Surveillance zone: The communes of Batăr, Biharia, Borș, Cetariu, Ciumeghiu, Girișu de Criș, Hidișelu de Sus, Holod, Lăzăreni, Oradea, Oșorhei, Paleu, Salonta, Sânmartin, Sântandrei, Tinca, Toboliu and Tulca,	10.4.2025
		Surveillance zone: The communes of Cefa, Gepiu, Husasău de Tinca, Mădăras, Nojorid and Sânnicolau Român.	2.4.2025 – 10.4.2025

Cuid B: Crios srianta breise

Tír	Limistéar riaracháin	Limistéir a bhunaítear mar chrios srianta breise, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
An Rómáin	**Contae Bihor**	The entire territory of Bihor county excluding the areas contained in any protection or surveillance zone.	10.4.2025
	Contae Arad	The entire territory of Arad county	10.4.2025

IARSCRÍBHINN II

Tír	Limistéar riaracháin	Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
An Rómáin	**Contae Bihor**	The entire territory of Bihor county	11.4.2025 - 10.5.2025
	Contae Arad	The entire territory of Arad county	11.4.2025 - 10.5.2025